

Data Protection
Commission

Sonraí leanaí agus
toiliú tuismitheora



Cad atá san aois toilithe dhigitigh?

Ceann amháin de na forbairtí is fearr aithne faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) is ea an aois toilithe dhigitigh. Tá feidhm aici i gcás go ndéanann eagraíocht a thairgeann seirbhísí ar líne próiseáil ar shonraí pearsanta linbh agus go mbraitheann an eagraíocht ar thoiliú mar bhunús dlí don phróiseáil sin. Sna cásanna sin, ní bheidh próiseáil shonraí pearsanta aon linbh faoi bhun na haoise sin dleathach ach amháin i gcás go dtabharfaidh tuismitheoir nó caomhnóir an linbh toiliú.

In Éirinn, socraíodh an aois toilithe dhigitigh ag 16 bliana d'aois. Ciallaíonn sé sin gurb amhlaidh, i gcás gach linbh faoi bhun na haoise sin, nach mór do sholáthraithe seirbhíse ar líne (e.g., ardán meán sóisialta) a bhraitheann ar thoiliú mar bhunús dlí do phróiseáil toiliú tuismitheoirí an linbh a fháil chun go bhféadfaidh siad seirbhísí ar líne a thairiscint don leanbh.

Cén fáth a bhfuil aoiseanna clárúcháin faoi bhun 16 bliana d'aois i bhfeidhm ag roinnt aipeanna agus ardán meán sóisialta?

Tá míthuiscint ann go gciallaíonn an aois toilithe dhigitigh nach bhféadfaidh cuideachtaí Idirlín agus cuideachtaí meán sóisialta sonraí pearsanta aon leanaí faoi bhun na haoise sin a bhailiú gan toiliú tuismitheora. Níl sé sin fíor, áfach. Ceanglaítear le GDPR ar gach eagraíocht a phróiseálann sonraí pearsanta bunús dlí a bheith aici do dhéanamh amhlaidh. Mar sin féin, níl i dtoiliú ach ceann amháin de na sé bhunús dlí a cheadaítear le GDPR. Áirítear leis na bunús dlí eile cásanna inar gá próiseáil a dhéanamh chun Conradh a chomhlíonadh, chun feidhmeanna oifigiúla a chur i gcrích nó ar mhaithe le leasanna dlísteanacha na heagraíochta atá ag déanamh na próiseála. (Is féidir tuilleadh faisnéise faoi na bunús dlí do phróiseáil faoi GDPR [a fháil ar ár suíomh Gréasáin](#).)

Má tá ardán meán sóisialta ag úsáid toiliú mar bhunús dlí, beidh air toiliú tuismitheora a fháil do leanaí faoi bhun 16 bliana d'aois. Ní bheidh feidhm ag an aois toilithe dhigitigh má tá sé ag úsáid bunús dlí eile, áfach. Má tá aois clárúcháin faoi bhun 16 bliana d'aois i bhfeidhm ag an aip nó ag an gcluiche meán sóisialta is fearr le do leanbh, ní mór don chuideachta a bheith ag úsáid bunús dlí eile seachas toiliú.

Léiríonn an méid sin ar fad a thábhachtaí atá sé **athbhreithniú cúramach a dhéanamh ar na hardáin agus na cluichí meán sóisialta agus na seirbhísí eile ar líne a bhfuil spéis ag do leanbh iontu agus iad sin a phlé le do leanbh sula gcláraíonn sé/sí**. Ná déan talamh slán de go bhfuil do thoiliú ag teastáil ó chuideachta meán sóisialta chun sonraí do linbh a bhailiú. Ná déan talamh slán de ach oiread nach bhféadfaidh do leanbh méideanna suntasacha dá s(h)onraí féin a thabhairt uaidh/uaidhi gan do thoiliú.

Cén áit ar féidir liom tuilleadh faisnéise a fháil faoi na ceanglais toilithe le haghaidh aipeanna agus cluichí difriúla meán sóisialta?

Tá oibleagáid ar eagraíochtaí amhail soláthraithe meán sóisialta a phróiseálann sonraí pearsanta úsáideoirí an fhaisnéis a theastaíonn uait a leagan amach ina mbeartais phríobháideachta agus ina dtéarmaí seirbhíse. Glacaimid leis go bhfuil cuid mhór

de na doiciméid sin an-chasta agus go bhfuil sé deacair iad a léamh. Ar an dea-uair, tá acmhainní ar líne ann lena dtugtar léirmheasanna gearra do thuismitheoirí ar na haipeanna agus na cluichí sin. In Éirinn, soláthraíonn eagraíochtaí amhail **Webwise** agus **Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí** tairseacha faisnéise do thuismitheoirí, lena n-áirítear priméir ar aipeanna agus cluichí éagsúla a bhfuil tóir ag leanaí orthu. Beidh acmhainní tiomnaithe do thuismitheoirí ar fáil ó chuid mhór ardán meán sóisialta iad féin. Is fiú an oiread foinsí difriúla agus is féidir a athbhreithniú ionas go bhfaighidh tú léargas iomlán orthu. Mar sin, i gcás go bhfaighidh fógraí príobháideachta atá fada agus dlúth an ceann is fearr ort, ná déan dearmad go bhfuil acmhainní ar fáil lena bhféadtar cabhrú leat cinntí eolacha a dhéanamh faoi na haipeanna, na cluichí agus na seirbhísí eile ar líne atá á n-úsáid ag do leanbh.

Cén uair atá mo thoiliú ag teastáil chun go bhféadfar sonraí mo linbh a bhailiú ar líne?

Níl aon fhreagra simplí ann ar an gceist sin. Is é an freagra gearr ná go mbeidh do thoiliú ag teastáil in Éirinn más rud é go bhfuil do leanbh faoi bhun 16 bliana d'aois agus go bhfuil an chuideachta ag iarraidh sonraí an linbh a bhailiú ar bhonn toilithe. Ciallaíonn sé sin freisin nach mbeidh do thoiliú ag teastáil má tá an chuideachta ag úsáid bunús dlí eile, fiú amháin má tá do leanbh faoi bhun 16 bliana d'aois.

Is é an príomhní atá le cur san áireamh agat ná **nach bhfuil do thoiliú ag teastáil i ngach cás chun go bhféadfaidh do leanbh a c(h)untas meán sóisialta féin a chruthú**. Chomh maith leis sin, níor cheart duit talamh slán a dhéanamh de gurb é toiliú an bunús dlí do phróiseáil faoi GDPR fiú amháin i gcás go gliceálann tú nó do leanbh ar 'Aontaím' nó 'Glacaim' le téarmaí agus coinníollacha aon suímh Gréasáin. Tá seans ann go bhfuil an chuideachta ag brath ar bhunús dlí eile, fiú amháin i gcás go bhfuil sí ag iarraidh ort do chead a thabhairt. **Sin an fáth a bhfuil sé an-tábhachtach gan cliceáil ar 'Glacaim' leis na téarmaí agus coinníollacha ach amháin tar éis duit iad a léamh ionas go bhféadfaidh do leanbh tosú ar an tseirbhís a úsáid**. Tá seans ann go bhfuil tú ag déanamh cinneadh an-suntasach ar an úsáid a fhéadfaidh cuideachta a bhaint as sonraí do linbh gach uair a chliceálann tú ar 'Aontaím'. Déan cinnte de go bhfuil tú ar an eolas sula n-aontaíonn tú an tseirbhís a úsáid.

Fiú amháin i gcás go bhfuil mo thoiliú ag teastáil, is cosúil nach ndéanann cuideachtaí ach seiceáil bhunúsach. Cén fáth?

I gcás go bhfuil toiliú tuismitheora ag teastáil faoin dlí cosanta sonraí, ní gá do chuideachta ach "iarrachtaí réasúnta" a dhéanamh chun a sheiceáil cé acu a thug nó nár thug an tuismitheoir toiliú i ndáiríre. Ciallaíonn sé sin nach gá di a dheimhniú le cinnteacht iomlán gur thug an tuismitheoir toiliú. De réir an dlí, ní gá don chuideachta seiceáil a dhéanamh ach amháin a mhéid atá "réasúnta" sna himthosca.

Cuid den chúis leis sin is ea nach ann go fóill do chuid mhór bealaí cruinne, comhréireacha agus éifeachtacha inar féidir toiliú tuismitheora a sheiceáil. Mar shampla, d'aontódh formhór na ndaoine go mbeadh sé díreireach ceanglas a chur ar thuismitheoirí cruthúnas nithiúil ar chaomhnóireacht (e.g., cóipeanna de dheimhnithe breithe, d'orduithe cúirte, de dhoiciméid dlí eile, etc.) a sholáthar ionas go bhféadfadh a leanbh na meáin shóisialta a úsáid. Os a choinne sin, bheadh sé an-éasca do leanbh

clárú i gcás nach n-iarrfaí air/uirthi ach seoladh ríomhphoist nó uimhir theileafóin tuismitheora amháin a thabhairt. Is ann do dhúshlán na tuirse toilithe freisin. Má phlúchtar tuismitheoirí le hiarrataí toilithe gach uair a théann a leanbh ar líne, beidh seans ann go n-éireoidh siad dubh dóite roimh i bhfad agus go dtosóidh siad ag aontú le gach ní, rud a mhéadaíonn an baol do leanaí.

Mar sin, tá a lán saincheistean difriúla le cothromú nuair a chinneann eagraíochtaí conas toiliú tuismitheora a sheiceáil ar líne. Is faoi na hardáin meán sóisialta agus na seirbhísí eile ar líne a úsáideann leanaí atá sé breithniú cúramach a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do leanaí agus iad ag úsáid a seirbhíse. Ní mór dóibh bearta cuí a bheith i bhfeidhm acu chun toiliú tuismitheora a fháil nuair is gá. Ní mór dóibh tuismitheoirí a chumasú coinneáil ar an eolas faoi na nithe a dhéanann a leanbh ar líne. Má tá ábhar imní agat go raibh do leanbh in ann cuntas meán sóisialta nó cuntas cluichíochta a raibh do thoiliú ag teastáil ina leith a chruthú agus go ndearna sé/sí amhlaidh gan fhios duit, ba cheart duit an t-ábhar imní sin a chur in iúl don chuideachta í féin ar an gcéad ásc. Más rud é nach mbeidh tú sásta leis an bhfreagra uaithe, mar shampla toisc gur cosúil gur freagra caighdeánach é agus nach dtugtar míniú iomlán ann, féadfaidh tú gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún.

An scéal mór é bréag a insint faoi aois mo linbh ionas go bhféadfaidh sé/sí clárú d'aip nó cluiche meán sóisialta ina bhfuil spéis mhór aige/aici?

Is scéal mór é sin, cinnte.

Tá sé ríthábhachtach a thuiscint **nach bhfuil aoiseanna clárúcháin do mheáin shóisialta agus do chluichí cosúil le rátálacha aoise do scannáin agus do chláir theilifíse**. Beidh éagsúlacht ann ó tír go tír maidir le rátálacha aoise, agus iad ag teacht le dlíthe áitiúla agus le hígairreachtaí cultúrtha faoin gcineál ábhair atá oiriúnach do leanaí. Is aoiseanna comhairleacha iad rátálacha aoise ina lán cásanna, agus tugtar leo rogha do thuismitheoirí a chinneadh cé na cláir agus na scannáin a bhféadfaidh a leanaí amharc orthu.

Ní aoiseanna comhairleacha iad aoiseanna clárúcháin do sheirbhísí ar líne **in am ar bith**, áfach. Má tá aois clárúcháin 16 bliana d'aois i bhfeidhm ag ardán meán sóisialta, tá rioscaí sainaitheanta ag baint leis an tseirbhís sin a bheith á úsáid ag leanaí faoi bhun na haoise sin. Ar mhaithe lena sábháilteacht féin, níor cheart leanaí a cheadú seirbhís den sórt sin a úsáid. Má chabhraíonn tú le do leanbh éalú isteach sna seirbhísí sin, tá seans ann go gcuirfidh tú i mbaol é/í.

Ná déan dearmad nach dóigh go n-amharcfaidh do leanbh ar scannáin agus ar chláir theilifíse ach uair amháin nó dornán uaireanta. Níl aon teorainn ann leis na rioscaí a bhaineann le seirbhísí aoisteoranta ar líne a úsáid, áfach. D'fhéadfadh do leanbh leanúint leis an tseirbhís sin a úsáid gach lá ar feadh roinnt míonna nó blianta, ar lena linn a leanfadh sé/sí le bheith faoi réir na rioscaí sin.

Ar na cúiseanna sin ar fad, **níor cheart duit do leanbh a cheadú, ná cabhrú leis/léi, úsáid mhíchuí a bhaint as seirbhísí aoisteoranta ar líne in am ar bith**. Is cuma cé chomh soineanta agus atá an tseirbhís, de réir dealraimh, nó cé chomh gar agus atá do leanbh don aois cheadaithe. I ndeireadh na dála, is ann do na rialacha chun do leanbh a choinneáil sábháilte.

An bhféadfar sonraí mo linbh a chomhroinnt gan thoiliú?

Tá seans ann go mbeidh cora ann ina bhféadfaidh eagraíocht a bhfuil sonraí do linbh ina seilbh aici, amhail scoil, na sonraí sin a chomhroinnt le tríú páirtí gan do thoiliú sainráite ná toiliú sainráite do linbh a fháil ar dtús. Is ar chúiseanna teicniúla a tharlóidh sé sin go minic, mar shampla i gcás gur gá don eagraíocht feidhm bhunriachtanach nach féidir léi féin í a chur i gcrích a sheachfhoinsiú chuig soláthraí néalseirbhíse.

Sampla de sin is ea an teicneolaíocht oideachais a úsáideann scoil do linbh, amhail táibléid, ríomhairí glúine agus ardáin agus aipeanna foghlama digití, lena bhféadtar cabhrú le do leanbh freastal ar ranganna agus tascanna a chur isteach ar líne. Tá na cineálacha uirlise sin ina ngnáthchuid den oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile anois. Mar sin féin, ós rud é nach ndéanann scoil do linbh aon cheann de na feistí nó na bogearraí sin, is gá di iad a fháil ó chuideachtaí teicneolaíochta agus ó eagraíochtaí eile a sholáthraíonn na cineálacha seirbhísí sin.

Níl do thoiliú sainráite ag teastáil ón scoil chun é sin a dhéanamh toisc go gceadaítear di comhaontuithe a dhéanamh le tríú páirtithe chun seirbhísí atá riachtanach d'fheidhmiú na scoile a shocrú.

Samplaí eile is ea cuideachta lónadóireachta a sholáthraíonn lóna scoile agus cuideachta slándála a shuiteálann aláraim dhóiteáin agus dheataigh agus TCI ar réadmhaoin na scoile. Ní bheadh scoileanna in ann feidhmiú dá mbeadh toiliú gach tuismitheora ag teastáil uathu chun na nithe sin a dhéanamh, fiú amháin i gcás go bhfuil bailiú sonraí i gceist leo.

Ciallaíonn sé sin freisin, áfach, go bhfuil an scoil freagrach as a chinntiú go gcomhlíonfar an dlí cosanta sonraí i gcónaí le linn sonraí do linbh a bhailiú agus a phróiseáil ar an tslí sin. Ní mór don scoil úsáid a bhaint as soláthraithe seirbhíse freagracha a chaithfidh go cuí le sonraí do linbh agus nach n-úsáidfidh iad chun críocha neamhúdaraíthe agus as soláthraithe den sórt sin amháin. Is gá don scoil bheith lán-trédhearcach faoin dóigh agus faoin gcúis a bhfuil sí ag úsáid shonraí do linbh. Má tá aon ábhair imní agat, ba cheart duit iad sin a chur in iúl don scoil ar an gcéad ásc. Arís, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún más rud é nach mbeidh tú sásta leis an bhfreagra ón scoil.

NA PRÍOMHTHÁTAIL ATÁ LE BAINN AG TUISMITHEOIRÍ

- Cé gurb ionann an aois toilithe dhigitigh in Éirinn agus 16 bliana d'aois, tá seans ann go mbeidh leanaí faoi bhun na haoise sin in ann clárú do chuntas meán sóisialta go fóill gan toiliú tuismitheora. Ná déan talamh slán de go mbeidh do thoiliú ag teastáil i gcónaí má tá do leanbh faoi bhun 16 bliana d'aois;
- Ná clliceáil láithreach bonn ar 'Glacaim leis' nuair a bhunaíonn tú cuntas meán sóisialta nó cuntas cluichíochta do do leanbh. Léigh na téarmaí agus coinníollacha chomh gar agus is féidir leat, déan roinnt taighde ar líne, agus labhair le do leanbh sula ndéanann tú aon chinneadh;
- Ná hiniis bréag faoi aois do linbh ionas go bhféadfaidh sé/sí seirbhís aoisteoranta ar líne a úsáid. Is ann do na srianta sin chun do leanbh a choinneáil sábháilte;
- Níl do thoiliú ag teastáil ó eagraíocht i ngach cás chun sonraí do linbh a chomhroinnt le tríú páirtí. Mar sin féin, beidh bunús dlí daingean ag teastáil ón eagraíocht chun an méid sin a dhéanamh, beidh sí freagrach as a chinntiú go n-urramóidh an tríú páirtí an dlí cosanta sonraí, agus ba cheart di bheith lán-trédhearcach faoi cén fáth a bhfuil sí ag comhroinnt na sonraí sin agus tú a chur ar an eolas faoi na cearta atá agat i ndáil leis an gcéanna. Más rud é nach mbeidh tú sásta go fóill, féadfaidh tú ábhar inní a chur in iúl don Choimisiún.

